# COMHAIRLE CHONTAE SHLIGIGH

## DEONTAS CHUN TITHÍOCHT A OIRIÚNÚ DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

## FOIRM IARRATAIS

**HGD 1**



**Léigh na coinníollacha a ghabhann leis an bhfoirm seo le do thoil sula gcomhlánóidh tú í.**

**Ní mór gach ceist a fhreagairt.**

**Scríobh na freagraí go soiléir i mbloclitreacha le do thoil.**

**Níor chóir tús a chur leis na hoibreacha sula bhfaighidh an tÚdarás Áitiúil an t-iarratas ar dheontas agus sula mbeidh céad i scríbhinn faighte ón Údarás Áitiúil.**

**Ní mór don té, a n-iarrtar an deontas ar a shon, bheith ag áitiú an tí mar ghnátháit chónaithe.**

**Ainm an duine a n-iarrtar deontas ar a s(h)on:** ____________________________________

**Seoladh:** ______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Uimhir Theil:**__________________________ **Uimh. Theil. Phóca:** ___________________

**Dáta Breithe:** __________________________ **Uimh. P.P.S.** ____________________

**Slí Bheatha:** ______________________________________________________________

**Ainm an duine teagmhála ( murab ionann é/í agus an *tIarratasóir*):**

_____________________________________________ **Uimh. Theil.:** _______________________

**Gaol leis an Iarratasóir:** _________________________________________________________

**Ainm agus seoladh úinéir na maoine a bhfuil sé beartaithe na hoibreacha oiriúnaithe a dhéanamh uirthi:**

_________________________________________________________________________________

**Ioncam Comhlán Bliantúil an Teaghlaigh:** **€**_________________________________________
***(Féach nóta míniúcháin 3 thíos le do thoil)***

**An gcónaíonn an duine faoi mhíchumas ag an seoladh thuas:** _________________________

**Cá fhad atá cónaí air / uirthi ag an seoladh sin:** ________________________________________

**Ainm agus seoladh an Liachleachtóra Ghinearálta:** ______________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

***(Tabhair faoi deara le do thoil nach mór an deimhniú dochtúra a ghabhann leis an bhfoirm iarratais seo a sheoladh ar ais léi agus é comhlánaithe ag do Liachleachtóir Ginearálta.***

**Ainm agus Seoladh an Teiripeoir Saothair ?**

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Ní mór an tuarascáil OT a chur isteach leis an bhfoirm iarratais**

**Sonraí gach duine agus iad ina gcónaí sa mhaoin a n-iarrtar deontas ar a son (*agus an t-iarratasóir agus/nó an duine faoi mhíchumas san áireamh*)**

| **Ainm** | **Gaol leis an iarratasóir** | **Dáta breithe** | **Ioncam Comhlán (an bhliain chanach roimhe seo)** | **Slí Bheatha *(más infheidhme sin)*** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**Bliain Thógála an Áitribh:** ______________________________________

**Líon agus tuairisc na seomraí sa teaghais:**

| | **Seomraí Leapa** | **Seomra Cónaithe** | **Seomra Bia** | **Cistin** | **Eile** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Thuas Staighre** | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Thíos Staighre** | | | | | |

**Cur síos ginearálta ar na hoibreacha atá beartaithe:**

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Costas measta na hoibreacha:** **€**_____________________________________
**(Cur 2 luachan scríofa i leith costais mheasta na hoibreacha leis an iarratas, le do thoil)**

**Méid an deontais atá á iarraidh agat:** **€**_____________________________________

**Iarmhéid an chostais:** **€**_____________________________________

**Cad é mar atá sé beartaithe agat an t-iarmhéid idir an deontas agus costas na hoibre sin a íoc**:

_______________________________________________________________

**Má tá cead pleanála riachtanach, luaigh uimhir thagartha agus dáta eisiúna, le do thoil:**

**An bhfuil aláraim dheataigh san áitreabh?** **Tá/Níl**

**Má tá, cé mhéad?** _________________________________________

**Ar íocadh Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas nó Deontas chun Tithíocht a Oiriúnú roimhe seo i leith na maoine céanna nó an duine chéanna? - Más é "Íocadh" an freagra, tabhair sonraí le do thoil:**

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Síniú an Iarratasóra: ____________________________ Dáta: _______________________**

**Ba chóir na foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais chuig:**

Pauline Lavelle, an Rannóg Tithíochta, Comhairle Chontae Shligigh, Halla an Chontae,
Cois Abhainn, Sligeach
Teil: 071-911-1816

HGD 2

# DEIMHNIÚ DOCHTÚRA

## DEONTAS CHUN TITHÍOCHT A OIRIÚNÚ DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

**Deimhním leis seo gur riachtanach na hoibreacha atá beartaithe agus iad luaite ar an bhfoirm iarratais a ghabhann leis seo chun go mbeidh cóiríocht cheart ag:**

**AINM:** ______________________________________________

**SEOLADH:** ______________________________________________

______________________________________________

**ATÁ AG FULAINGT LE:** ______________________________________________

______________________________________________

**CINEÁL AGUS RÉIM AN MHÍCHUMAIS:** ______________________________

**(Sonraigh le do thoil, cén chaoi a chuireann an mhíchumais isteach ar an othar, ag déanamh tagairt ar leith don fheidhmiúlacht.)**

**Leibhéal an mhíchumais (Cuir tic, le do thoil)**

**Tosaíocht 1** ☐
**Tinneas foirceanta nó ag brath go hiomlán/go formhór ar theaghlach nó ar chúramóir, nó sa chás go gcuirfeá athrú/oiriúnú ar a chumas daoine a scaoileadh ón ospidéal nó, go maolfaidh an gá le oispidéalú amach anseo.**

**Tosaíocht 2** ☐
**Soghluaiste ach teastaíonn cúram le haghaidh inrochtain áiseanna níocháin, leithris, seomra leaba srl., nó go bhfuil easpa athrú/oiriúnú a gcur i gcoinne cumas an duine feidhm go neamhspleách.**

**Tosaíocht 3** ☐
**Neamhspleách ach tá áiseanna speisialta á teastáil chun cur leis an gcáilíocht beatha, m.sh. seomra leaba/spás cónaithe ar leith.**

**AINM AN DOCHTÚRA:** ______________________________________________

**STAMPA AN DOCHTÚRA**

**SEOLADH:** ______________________________

______________________________

**SÍNIÚ:** ______________________________

**DÁTA:** ______________________________

**CINNTIGH LE DO THOIL GO BHFUIL AN DEIMHNIÚ STAMPÁILTE AG AN DOCHTÚIR**

**HGD 3**

# Ceanglais chánach ar Dhaoine faoi Mhíchumas i leith Deontais chun Tithíocht a Oiriúnú

**LE COMHLÁNÚ AG AN IARRATASÓIR**

**Ainm an Iarratasóra: ___________________________________________________________**

**Seoladh: ______________________________________________________________________**

**______________________________________________________________________________**

**______________________________________________________________________________**

***Uimh. Thag. Chánach Ioncaim: ___________________________________________________**

**Ceantar Cánach atá ag plé le do chuid cánach: ________________________________________**

**Daingním leis seo go bhfuil gnóthaí mo chuid cánach in ord de réir mar is fearr is eol dom.**

**Arna Shíniú ag: _______________________________________ Dáta: _____________________**

*** Más duine thú a íocann cáin ioncaim faoi ÍMAT, nó a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh, luaigh d'uimhir PPS le do thoil;**
**Más duine féinfhostaithe thú luaigh an uimhir ar do thuairisceán ar ioncam le do thoil.**

**I gcás iarratais ar dheontas €10,000 nó níos mó, ní mór d'iarratasóirí Deimhniú Imréitigh Cánach a thabhairt ar aird (cuirfidh an t-údarás áitiúil ar ais chugat é). Tá foirm iarratais le haghaidh Deimhniú Imréitigh Cánach ar fáil ó shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim, www.revenue.ie . Nó is féidir le hiarratasóirí foirm iarratais a iarraidh ón oifig Cheantair Ioncaim áitiúil. In ionad Deimhniú Imréitigh Cánach bailí a thabhairt ar aird féadfaidh iarratasóir an t-údarás áitiúil a údarú chun a dhaingniú go leictreonach go bhfuil Deimhniú Imréitigh Cánach bailí aige / aici agus an t-údarás ag úsáid chóras ar-líne na gCoimisinéirí Ioncaim chun sin a dhéanamh. Tabharfaidh an t-iarratasóir cead don údarás áitiúil an stádas Imréitigh Cánach a dhaingniú má luann sé / sí leo an uimhir chustaiméara agus uimhir an Deimhnithe Imréitigh Cánach atá ar an Deimhniú Imréitigh Cánach.**

**Uimh. Chustaiméara: _______________ Uimh. Deimhnithe Imréitigh Cánach: _____________**

**LE COMHLÁNÚ AG AN gCONRAITHEOIR 1**

**Ainm an Chonraitheoir 1:** ________________________________________________________

**Seoladh:** __________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

____________________________________ **Teileafón:** ___________________________

***Uimh. Thag. Chánach Ioncaim:**
______________________________________________________

**Ceantar Cánach atá ag plé le do chuid cánach:** _________________________________________

**Uimh. C2:/Uimh. Imréitigh Chánach:** _________________ **Dáta Éaga:** ________________

**I gcás íocaíochtaí €10,000 nó níos mó, ní mór do chonraitheoir Deimhniú Imréitigh Cánach nó Deimhniú C2 a thabhairt ar aird (cuirfidh an t-údarás áitiúil ar ais chugat é). In ionad Deimhniú Imréitigh Cánach bailí a thabhairt ar aird féadfaidh conraitheoir an t-údarás áitiúil a údarú chun a dhaingniú go leictreonach go bhfuil Deimhniú Imréitigh Cánach bailí aige / aici agus an t-údarás ag úsáid chóras ar-líne na gCoimisinéirí Ioncaim chun sin a dhéanamh. Tabharfaidh an t-iarratasóir cead don údarás áitiúil an stádas Imréitigh Cánach a dhaingniú má luann sé / sí leo an uimhir chustaiméara agus uimhir an Deimhnithe Imréitigh Cánach atá ar an Deimhniú Imréitigh Cánach.**

**Uimh. Chustaiméara:** ____________________

**Uimh. Deimhnithe Imréitigh Cánach:** _________________

**LE COMHLÁNÚ AG AN gCONRAITHEOIR 2**

**Ainm an Chonraitheoir 2:** ______________________________________________________

**Seoladh:** __________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

______________________________________ **Teileafón:** ____________________________

***Uimh. Thag. Chánach Ioncaim:**
________________________________________________________

**Ceantar Cánach atá ag plé le do chuid cánach:** ______________________________________

**Uimh. C2:/Uimh. Imréitigh Chánach:** _________________ **Dáta Éaga:** ________________

**I gcás íocaíochtaí €10,000 nó níos mó, ní mór do chonraitheoir Deimhniú Imréitigh Cánach nó Deimhniú C2 a thabhairt ar aird (cuirfidh an t-údarás áitiúil ar ais chugat é). In ionad Deimhniú Imréitigh Cánach bailí a thabhairt ar aird féadfaidh conraitheoir an t-údarás áitiúil a údarú chun a dhaingniú go leictreonach go bhfuil Deimhniú Imréitigh Cánach bailí aige / aici agus an t-údarás ag úsáid chóras ar-líne na gCoimisinéirí Ioncaim chun sin a dhéanamh. Tabharfaidh an t-iarratasóir cead don údarás áitiúil an stádas Imréitigh Cánach a dhaingniú má luann sé / sí leo an uimhir chustaiméara agus uimhir an Deimhnithe Imréitigh Cánach atá ar an Deimhniú Imréitigh Cánach.**

**Uimh. Chustaiméara:** ____________________

**Uimh. Deimhnithe Imréitigh Cánach:** _________________

## Coinníollacha na Scéime

### 1. Cuspóir an Deontais

Soláthraítear an Deontas chun Tithíocht a Oiriúnú do Dhaoine faoi Mhíchumas chun cúnamh a thabhairt sna hoibreacha atá réasúnta riachtanach chun teach a dhéanamh níos oiriúnaí mar chóiríocht do dhuine faoi mhíchumas agus lagú buan fisiceach, céadfach, intleachtúil nó sláinte meabhrach air / uirthi. I measc na gcineálacha oibreacha is incheadaithe tá na nithe seo a leanas: rampaí rochtana, saoráidí leithris thíos staighre, ardaitheoirí staighre, cithfholcadáin inrochtana, oiriúnuithe chun bealach isteach a éascú do chathaoir rotha, forleathnuithe agus aon oibreacha eile atá réasúnta riachtanach chun teach a dhéanamh níos oiriúnaí mar chóiríocht do dhuine faoi mhíchumas.

### 2. Leibhéal an Deontais

Socrófar leibhéal an deontais i gcabhair a chuirfear ar fáil ar bhonn ioncam comhlán an teaghlaigh agus beidh sé idir 30% - 95% de chostas ceadaithe na n-oibreacha. Leagtar amach sa tábla thíos leibhéil na ndeontas atá ar fáil agus iad bunaithe ar mheasúnú ioncam teaghlach.

| **Ioncam Comhlán Uasta Teaghlaigh p.a.** | **% de Chostais ar fáil** | **Deontas Uasta ar fáil do thithe atá tógtha le breis agus 12 mhí** | **Deontas Uasta ar fáil do thithe atá tógtha le níos lú ná 12 mhí** |
|---|---|---|---|
| **€** | **%** | **€** | **€** |
| Suas le €30,000 | 95% | 30,000 | 14,500 |
| €30,001 - €34,000 | 90% | 27,000 | 13,050 |
| €34,001 - €38,000 | 80% | 24,000 | 11,600 |
| €38,001 - €42,000 | 70% | 21,000 | 10,150 |
| €42,001 - €46,000 | 60% | 18,000 | 8,700 |
| €46,001 - €50,000 | 50% | 15,000 | 7,250 |
| €50,001 - €54,000 | 40% | 12,000 | 5,800 |
| €54,001 - €65,000 | 30% | 9,000 | 4,350 |
| De bhreis ar €65,000 | Níl aon deontas iníoctha | | |

### 3. Ioncam an Teaghlaigh

Ríomhtar ioncam teaghlaigh mar ioncam comhlán úinéir na maoine sa bhliain chánach roimhe sin, in éineacht le hioncam a c(h)éile / a p(h)áirtnéara, más infheidhme sin.

I gcás cóiríochta príobháidí ar cíos, ríomhtar ioncam mar ioncam comhlán an tionónta sa bhliain chánach roimhe sin, in éineacht le hioncam a c(h)éile / a p(h)áirtnéara, más infheidhme sin.

Agus an t-ioncam comhlán á shocrú déanfaidh údaráis áitiúla neamhaird den ioncam seo a leanas:

- €5,000 in aghaidh gach duine den teaghlach atá faoi bhun 18 mbliana d'aois:
- €5,000 in aghaidh gach duine den teaghlach atá idir 18 agus 23 bliana d'aois agus é / í i mbun oideachais lánaimseartha nó i mbun phrintíseacht FÁS;

- €5,000 i gcás duine faoi mhíchumas a bhfuil deontas i gcabhair á lorg ar a s(h)on agus gaol dá c(h)uid ag tabhairt cúram lánaimseartha dó / di;
- Sochar Linbh;
- Forlíonadh Luathchúraim Leanaí;
- Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh;
- Liúntas Cúraim Bhaile;
- Deontas Cúraim Faoisimh;
- Sochar / Liúntas Cúramóra (i gcás ina dtugtar íocaíocht do Chúramóir i leith na ndaoine a bhfuil iarratas ar dheontas á dhéanamh ar a son.

## 4. <u>Fianaise ar ioncam teaghlaigh</u>

Ní mór an fhianaise seo a leanas ar ioncam a bheith in éineacht le gach iarratas:

- I gcás oibrithe ÍMAT nó Pinsin Príobháideacha, foirm P60 don bhliain roimhe seo;

- I gcás daoine féinfhostaithe nó feirmeoirí, foirm Measúnachta Cánach Ioncaim in éineacht le cóip de na cuntais don bhliain chánach roimhe seo.

- I gcás daoine a fhaigheann leas sóisialach, ráiteas ón oifig Leasa Shóisialaigh ina luaitear na híocaíochtaí seachtainiúla / bliantúla. I gcás Pinsinéirí Stáit, déanfaidh cóip den leathanach tosaigh agus cóip den leathanach íocaíochta den leabhar pinsin reatha cúis.

***(Bá chóir fianaise ar ioncam teaghlaigh a chur isteach i leith úinéir na maoine agus, más infheidhme sin, i leith a c(h)éile / p(h)áirtnéara.)***

## 5. <u>Ceanglais Chánach</u>

I gcás aon chonraitheora atá ag déanamh oibre faoin Scéim Deontas chun Tithíocht a Oiriúnú do Dhaoine faoi Mhíchumas, ní mór Deimhniú Imréitigh Cánach nó Carta C2 a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim a chur isteach in éineacht le meastachán ar na hoibreacha atá riachtanach.

I gcás iarratas ar dheontas €10,000 nó níos mó, ní mór don iarratasóir a dhaingniú go bhfuil deimhniú bailí imréitigh cánach aige /aici.

## 6. <u>An Dóigh chun Achomharc a Dhéanamh</u>

Agus iad ag próiseáil iarratas faoin scéim Deontas chun Tithíocht a Oiriúnú do Dhaoine faoi Mhíchumas, aithníonn an t-údarás go bhféadfaidh roinnt iarratasóirí bheith míshásta le cinneadh an údaráis. Tabharfaidh an t-údarás meicníocht do gach iarratasóir chun achomharc a dhéanamh agus ceadóidh sin dó / di a c(h)ás a chur faoi bhráid oifigigh eile lena athbhreithniú.

Is mar a leanas a fheidhmeofar an próiseas chun gach achomharc a dhéanamh:

Iarrtar ar iarratasóirí, más rud é go bhfuil an t-údarás áitiúil i ndiaidh cinneadh ar an iarratas acu a chuir in iúl dóibh, achomharc i scríbhinn ina éadan sin a chur isteach laistigh de 3 seachtaine ón dáta a rinneadh an cinneadh agus cúiseanna an achomhairc a bheith luaite ann. Déanfar an t-achomharc a

mheas agus a bhreithniú laistigh de 4 seachtaine i ndiaidh a fhála. Cuirfear an cinneadh ar an achomharc in iúl do gach iarratasóir laistigh de 2 sheachtain i ndiaidh an cinneadh a bheith déanta.

## 7. <u>Seicliosta</u>

Cinntigh le do thoil go bhfuil na doiciméid seo a leanas in éineacht leis an iarratas ar dheontas i gcabhair.

An fhoirm iarratais (HGD1) agus í comhlánaithe go hiomlán;

Deimhniú an Dochtúra (HGD2) agus é comhlánaithe;

An Fhoirm Chánach (HGD3) agus í comhlánaithe;

Fianaise ar Ioncam Teaghlaigh ó gach foinse.

2 luachan miondealaithe scríofa ag sonrú costais na hoibreacha beartaithe.